RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1167 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Athbhreithnithe a rinneadh cheana agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1187/2008 ón gComhairle ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí glútamáite monasóidiam ("MSG"), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad ("an tSín" nó "an tír lena mbaineann") ("an t-imscrúdú bunaidh").

(2) An 21 Eanáir 2015, tar éis athbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83 ón gCoimisiún ([3]), chinn an Coimisiún na bearta a bunaíodh san imscrúdú bunaidh a choinneáil ar bun.

(3) An 14 Aibreán 2021, tar éis an dara hathbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún ([4]), bheartaigh an Coimisiún leibhéal na ndleachtanna frithchúitimh a choinneáil ar bun, mar a bunaíodh san imscrúdú bunaidh agus mar a deimhníodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83.

(4) Is idir 33,8 % agus 39,7 % atá na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha atá i bhfeidhm faoi láthair.

1.2. Iarraidh ar athrú ainm

(5) Líomhnaítear gur athraigh Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd, táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, a ainm go Tongliao Meihua Biological Sci-Tech Co., Ltd. i mí Eanáir 2019.

(6) Tá an chuideachta ar cheann den dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ghaolmhara a bhaineann le Meihua Group, in éineacht le Hebei Meihua MSG Group Co., Ltd, a thairbhíonn faoi láthair de ráta dleachta aonair 33,8 % faoi chód breise TARIC A883. Dá bhrí sin, d'iarr Tongliao Meihua Biological Sci-Tech Co., Ltd go léireofaí an t-athrú ar a ainm le haghaidh chur i bhfeidhm an dleachtráta aonair 33,8 % atá ann cheana.

(7) Mar sin féin, an doiciméadacht tacaíochta a sholáthair Tongliao Meihua Biological Sci-Tech Co., Ltd chun údar a thabhairt leis an iarratas, léirigh sí go ndearnadh atheagrú struchtúrach tábhachtach ar Meihua Group, agus bhí i bhfad níos mó ná athrú ainm simplí i gceist leis. Dá bhrí sin, an corrlach dumpála aonair a leagadh síos le haghaidh na n-eintiteas bunaidh (Hebei Meihua MSG Group Co., Ltd agus Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd nó "Meihua Group") faoi chód breise TARIC A883, measadh go bhféadfadh sé nach mbeadh an corrlach dumpála aonair sin iomchuí a tuilleadh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 322, 2.12.2008, lch. 1.
([3]) IO L 15, 22.1.2015, lch. 31.
([4]) IO L 132, 19.4.2021, lch. 63.

(8) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach ann go raibh athrú tagtha ar na cúinsí ba chúis leis na bearta atá ann faoi láthair a fhorchuir ar an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ghaolmhara de chuid Meihua Group le linn an imscrúdaithe bhunaidh. Ba é a chonclúid thairis sin gur athruithe de chineál marthanach a bhí sna hathruithe sin.

1.3. **Páirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh**

(9) Ar bhonn na faisnéise a luaitear in aithris (8), an 24 Eanáir 2022, chinn an Coimisiún ar a thionscnamh féin páirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí glútamáite monasóidiam de thionscnamh na Síne de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán agus d'fhoilsigh sé Fógra lena dtionscnaítear páirt-athbhreithniú eatramhach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ("an Fógra Tionscnaimh") ([5]). An 22 Márta 2022, foilsíodh Ceartúchán ar Fhógra Tionscnaimh an 24 Eanáir 2022 ([6]).

(10) Bhí an páirt-athbhreithniú eatramhach teoranta ó thaobh raon feidhme de ionas gurb éard atá i gceist imscrúdú ar dhumpáil a mhéid a bhaineann leis an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha de chuid Meihua Group, eadhon Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd agus Hebei Meihua MSG Group Co, Ltd (cód breise TARIC A883).

1.4. **Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin**

(11) Cumhdóidh an t-imscrúdú ar dhumpáil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin").

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(12) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san athbhreithniú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an dá tháirgeoir onnmhairithe de chuid Meihua Group, táirgeoir aonair an Aontais, agus Rialtas na Síne ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(13) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.5.1. *Freagraí ceistneora*

(14) Chuir an Coimisiún ceistneoirí chuig an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid Meihua Group agus chuig údaráis na tíre lena mbaineann. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ar an gceistneoir, ní ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid Meihua Group ná ó údaráis na tíre lena mbaineann.

2. **AN TÁIRGE FAOI RÉIR AN ATHBHREITHNITHE SEO AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

(15) Is ionann an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo agus an táirge san imscrúdú bunaidh agus sna hathbhreithnithe seo a leanas a luaitear in aithrisí (2) agus (3), i.e. glútamáit mhonasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus atá faoi láthair faoi cód AC ex 2922 42 00 (cód TARIC 2922 42 00 10).

(16) Mar a tharla san imscrúdú bunaidh, agus sna hathbhreithnithe seo a leanas a luaitear in aithrisí (2) agus (3), chinn an Coimisiún go bhfuil na buntréithe fisiciúla, teicniúla agus ceimiceacha céanna agus na bun-úsáidí deiridh céanna ag an táirge a táirgeadh sa tSín agus a onnmhairíodh chuig an Aontais, agus an táirge a táirgeadh agus a díoladh i margadh intíre na Síne. Dá bhrí sin, measadh gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

([5]) IO C 35, 24.1.2022, lch. 12.
([6]) IO C 129, 22.3.2022, lch. 18.

3. NEAMH-CHOMHOIBRIÚ

(17) Mar a luadh in aithris (14), an 24 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún an ceistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin chuig an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha aitheanta de chuid Meihua Group agus chuir sé an ceistneoir maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán chuig Rialtas na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ná aon fhreagairt eile ó cheachtar de na táirgeoirí onnmhairiúcháin ná ó údaráis na tíre lena mbaineann.

(18) I litir dar dáta an 7 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún in iúl don dá tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha aitheanta de chuid Meihua Group gur in éagmais comhair, agus i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, gur ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil a dhéanfaí na torthaí, agus d'iarr sé orthu barúil a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil ó cheachtar den dá tháirgeoir onnmhairithe de chuid Meihua Group. Níor tugadh aon mhíniú ar an easpa comhair sin.

(19) Mar an gcéanna, chuir an Coimisiún in iúl do Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach go raibh sé i gceist aige Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus a thorthaí a bhunú ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil sa chomhad, na torthaí maidir le dumpáil an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid Meihua Group, agus maidir le saobhadh suntasach a bheith ann. D'iarr sé ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach barúil a thabhairt. Níor cuireadh aon bharúil in iúl don Choimisiún.

(20) In éagmais an chomhair, mheas an Coimisiún gur cheart imeachtaí an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh a chinneadh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil san imscrúdú seo. Maidir le staid shonrach Meihua Group, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfianaise ábhartha a cuireadh isteach i gcomhthéacs na hiarrata ar athrú ainm, rud ba chúis leis an athbhreithniú eatramhach a thionscnamh.

(21) Ina a iarraidh ar athrú ainm, is cosúil gur athraigh ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin laistigh de Meihua Group, eadhon Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd, a ainm go dtí Tongliao Meihua Biological Sci-Tech Co., Ltd. Mar sin féin, de réir na doiciméadachta a soláthraíodh chun tacú leis an iarratas ar athrú ainm, mheas an Coimisiún thairis sin go raibh i bhfad níos mó i gceist leis na hathruithe laistigh de Meihua Group ná athrú ainm amháin.

(22) Ar an gcéad dul síos, chuir an t-iarratasóir in iúl don Choimisiún gur in 2008, d'athraigh an t-onnmhaireoir eile de chuid Meihua Group, i.e. Hebei Meihua MSG Group Co., Ltd, a ainm freisin. Meihua Holdings Group Co., Ltd. is ea an t-ainm atá ar an gcuideachta sin faoi láthair. Mhínigh an t-iarratasóir nár thug Meihua Holdings Group Co., Ltd fógra don Choimisiún faoin athrú sin toisc go raibh Meihua Group i mbun atheagrú ar a ghnó an tráth sin chun grúpa cuideachtaí a chruthú agus ní raibh toradh an atheagraithe sin an-soiléir, go háirithe maidir leis an gníomhaíocht díola. Sa doiciméadacht a cuireadh isteach chun tacú leis an iarratas ar athrú ainm, luaigh an t-iarratasóir gur thosaigh Meihua Holdings Group Co., Ltd an táirge lena mbaineann ar an margadh intíre amháin.

(23) Ar an dara dul síos, dúirt an t-iarratasóir freisin go ndearnadh Meihua Group International Trading (Hong Kong) Limited ("Meihua Hong Kong") a ionchorprú sa ghrúpa in 2012 agus go stiúrann sé an gnó onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, onnmhaireoir reatha an táirge lena mbaineann, sin Meihua Hong Kong. Dar leis an iarratasóir, tá Meihua Hong Kong ag onnmhairiú MSG chuig an Aontas faoi chód breise TARIC A883.

(24) Mar achoimre, in 2011 ionchorpraigh Tongliao Meihua Biological Sci-Tech Co., Ltd le táirgeoir eile an táirge lena mbaineann, Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd. Dhearbhaigh an t-iarratasóir gur in 2016 dhíol Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd an táirge lena mbaineann leis an Aontas freisin trí Meihua Hong Kong.

4. CONCLÚID AGUS NOCHTADH

(25) Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (21) go (24), ba chosúil go ndearnadh atheagrú struchtúrach ar Meihua Group, a bhfuil feidhm ag an dleacht maidir leis. Cruthaíodh eintiteas nua de bharr an atheagraithe sin, a raibh grúpa cuideachtaí i gceist leis, lena n-áirítear táirgeoir onnmhairiúcháin Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd) agus trádálaí gaolmhar (Meihua Hong Kong) nár tugadh fógra fúthu don Aontas agus nach ndearnadh an tAontas scrúdú orthu riamh. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún glacadh leis go simplí go raibh an corrlach dumpála reatha is infheidhme maidir le Hebei Meihua MSG Group Co, Ltd agus Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd fós bailí.

(26) I bhfianaise easpa iomlán comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, ní raibh an Coimisiún in ann scrúdú a dhéanamh ar chomhdhéanamh iarbhír na n-eintiteas a raibh feidhm ag an dleacht bhunaidh maidir leo, nó cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh an dleachtráta fós ábhartha maidir le struchtúr eagrúcháin nua Meihua Group, nó an mbeadh údar le ríomh nua dumpála, agus más amhlaidh a bhí, an leibhéal a bheadh i gceist leis.

(27) Sna himthosca sin, agus ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún ach teacht ar an gconclúid nárbh ann a thuilleadh do Meihua Group (a bhí comhdhéanta de Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd agus Hebei Meihua MSG Group Co, Ltd), ar sannadh dleachtráta aonair faoi chód breise TARIC A883 dó. Is cosúil go bhfuil an grúpa comhdhéanta de tháirgeoirí onnmhairiúcháin eile. Dá bhrí sin, ba cheart an dleachtráta thuasluaite agus cód breise TARIC thuasluaite a bhaint.

(28) Ar an gcúiseanna a mheabhraítear thuas, níl sé d'acmhainn ag an gCoimisiún dleachtráta aonair agus cód breise TARIC sonrach a leagan síos don eintiteas nuachruthaithe. Onnmhairí a dhéanann an eintiteas nuachruthaithe, más ann dóibh, bheidís faoi réir an ráta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile" faoi chód breise TARIC A999.

(29) Cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas dá réir sin agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha a chur in iúl.

(30) Níor cuireadh aon bharúil in iúl don Choimisiún.

(31) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún a leasú dá réir.

(32) Tá an Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 mar a leanas:

"2. Na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Fujian Province Jianyang Wuyi MSG Co. Ltd	36,5	A884
Daon-Phoblacht na Síne	Gach cuideachta eile	39,7	A999"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN